

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

TUARASCÁIL AN PHRÍOMHCHIGIRE

EANÁIR 2013 - IÚIL 2016

ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Tuairiscíonn **Tuarascáil an Phríomhchigire** ar cháilíocht na gcaighdeán i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna agus i lárionaid oideachais a ndearna Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta cigireacht orthu idir Eanáir 2013 agus Iúil 2016. Foilseofar í ar an Luan, 5 Feabhra ag 9.00am.

Sa tuarascáil

- Tugtar cur síos gairid ar chomhthéacs an chórais oideachais thar na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil.
- Díritear aird ar na príomhláidreachtaí agus ar na príomhréimsí ina n-aithnítear gur gá forbairt a dhéanamh mar a tugadh faoi deara le linn cigireachtaí i scoileanna agus i lárionaid oideachais ag an dá leibhéal.
- Déantar cur síos ar an tús a cuireadh le cigireachtaí oideachas-dhírthe i Suíomhanna Cúraim agus Oideachais Luathóige (COLÓ) agus ar na luathchinntí ó na cigireachtaí sin.
- Tugtar gearrchuntas ar eolas mheastóireachta ar
 - Oideachas na nEalaíon i mBunscoileanna
 - Scoileanna atá ceangailte le hAonaid Ardtacaíochta, Aonaid Chúraim Speisialta agus Ionaid Choinneála Leanaí
- Pléitear na dúshláin a bhaineann leis an gcóras oideachais sa ghearrthodhchaí.

Cuirtear *Tuarascáil an Phríomhchigire 2013-2016* i láthair i ndá chuid, déantar cur síos i gCuid 1 ar na tosca comhthéacsúla a raibh tionchar acu ar obair mhúinteoirí agus ar phobail scoileanna le linn na tréimse atá clúdaithe sa Tuarascáil. Tugann Cuid 2 achoimre ar chinntí na cigireachta i scoileanna agus i suíomhanna eile, mar thoradh ar os cionn 6,000 cigireacht.

Tá fáil freisin san achoimhre fheidhmeach seo ar chomparáidí breise idir na sonraí cheana i dTuarascáil an Phríomhchigire 2010-2012 agus sonraí i dtuairiscí eile. Tá foilsíú *Thuarascáil an Phríomhchigire 2013-16* comhlánaithe ach go háirithe ag foilsíú *Athbhreithniú ar Chigireachtaí dírithe ar Oideachas Luathbhlianta: Aibreán 2016 - Meitheamh 2017 – Léargais agus Forbairtí* ina bhfuil fáil ar athbhreithniú ar an gcéad bhliain de chigireachtaí luathbhlianta ó cuireadh tús leo san Earrach 2016. Foilsíodh an tuairisc ar 31 Eanáir 2018.

PRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ I dTUARASCÁIL AN PHRÍOMHCHIGIRE

CUID A hAON

Caibidil 1: Príomhthosca a raibh tionchar acu ar obair scoileanna le linn na tréimhse Eanáir 2013 - Iúil 2016

Sa chaibidil seo tá cur síos ar an gcomhthéacs ina ndearna an Chigireacht a cuid oibre sa tréimhse atá clúdaithe ag an tuarascáil seo. Déantar cur síos ann ar roinnt de na príomhthosca a raibh tionchar acu ar obair scoileanna sa tréimhse lena mbaineann an tuarascáil agus ina raibh meastóireachtaí ag tarlú.

Le linn na tréimhse áirítear iad seo a leanas mar chuid de na tosca:

- Bhain líon méadaithe daltaí leas as an gclár Stát-mhaoinithe, Clár um Chúram agus Oideachas Luathóige (COLÓ). Cuireadh tús, ar bhonn trialach, le Cigireachtaí Oideachas-dhírthe Luathbhlianta (COL) ag deireadh na bliana 2015 agus cuireadh tús go foirmiúil leo i 2016.
- Lean an méadú suntasach ar líon na ndaltaí, go háirithe ag an mbunleibhéal agus ag na híos-iarbhunleibhéil, agus mhéadaigh líon na bhfoirne i scoileanna. Tháinig méadú ar chaiteachas ar an oideachas ach rinne méadú líon na ndaltaí an méadú airgid a shlogadh – bhí an caiteachas thar ceann gach dalta faoi bhun mheán an OECD ag an mbunleibhéal i 2013 agus 2014. Baineann sé seo roinnt áirithe ar a laghad le méadú tréan ar líon na ndaltaí ag an leibhéal seo.

Méadú ar líon na bhfoghlaimoirí, na múinteoirí agus na ngairmithe eile

Foghlaimoirí	2013/14	2014/15	2015/16
Foghlaimoirí ar chlár COLÓ	69,051	63,104	73,852

Suíomhanna luathbhlianta	2013/14	2014/15	2015/16
Suíomhanna sa scéim COLÓ	4,259	4,371	4,431

Foghlaimoirí	2013/14	2014/15	2015/16
Bunscoileanna agus scoileanna speisialta	536,317	544,696	553,380
Iarbhunscoileanna	333,175	339,207	345,550

Múinteoirí (coibhéisí lánaimseartha)	2013/14	2014/15	2015/16
Bunscoileanna agus scoileanna speisialta	32,828	33,613	34,567
Iarbhunscoileanna	25,626	26,174	26,804

Cúntóirí Riachtanas Speisialta	2013/14	2014/15	2015/16
Bunscoileanna, scoileanna speisialta agus iarbhunscoileanna	10,669	11,175	11,924

Caiteachas ag méadú

Caiteachas iomlán (caipitil agus reatha)	2013 €bn	2014 €bn	2015 €bn	2016 €bn
Bunleibhéal	3.502	3.550	3.737	3.747
Iarbhunleibhéal	3.120	3.213	3.340	3.430
Iomlán	6.622	6.763	7.077	7.177

Caiteachas ar gach dalta

Caiteachas ar gach dalta	Bunleibhéal in US\$		Iarbhunleibhéal sóisearach in US\$		Iarbhunleibhéal sinsearach in US\$	
	2013	2014	2013	2014	2013	2014
Éire	8,002	8,007	10,773	10,518	10,840	10,837
Meán OECD	8,477	8,733	9,980	10,235	9,990	10,182
Meán AE	8,545	8,803	10,210	10,413	10,087	10,494

Caiteachas comhshóite go dollair US don chomparáid. Foinse: OECD, *Education at a Glance*

- Méadaíodh an maoiniú do thionscnaimh chun dul i ngleic le míbhuntáiste agus chun tacaíocht a thabhairt do leanaí le riachtanais speisialta oideachais.
- Rinneadh pólóitú ar shamhail athbhreithnithe de dháileadh acmhainní riachtanais speisialta le linn na tréimhse seo. Bhí meastóireacht na Cigireachta ar thréimhse phíolótach an fheidhmithe dearfach den chuid is mó. Tugann cur i bhfeidhm na samhla sin, a tugadh isteach i scoileanna le déanaí, níos mó neamhspléachais do scoileanna a n-acmhainní riachtanais speisialta a dháileadh.
- Tháinig feabhas suntasach ar chroiscileanna na litearthachta agus na huimhearthachta mar thoradh ar raon beart sa *Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta* chun teagasc, foghlaim agus measúnú na litearthachta a fheabhsú, agus bhí an fhéinmheastóireacht scoile mar thaca aige seo.
- Tharla athchóiriú suntasach curaclaim ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal araon, agus rinneadh forbairt ghairmiúil a sholáthar do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí chun tacú leis sin.
- Bhí an dul chun cinn a bhain le feidhmiú na sraithe sóisearaí athchóirithe níos moille ná mar a bhí beartaithe, go háirithe i roinnt scoileanna. Le réiteach na gcaidreamh tionsclaíocha a bhain le ceisteanna faoi chur i bhfeidhm an chláir, tugadh isteach am don chur chuige comhoibríoch gairmiúil laistigh d'am chonartha an mhúinteora.
- Mar thoradh ar an imní mhéadaitheach sa tsochaí faoi mheabhairshláinte leanaí agus daoine óga, mar aon le leibhéal agus tionchar na bulaíochta, díriodh aird ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag scoileanna cabhrú le daltaí scileanna a fhorbairt don teacht aniar agus chun plé le deacrachtaí.
- Lean struchtúir do bhainsitíocht scoileanna gan athrú i gcoitinne sa tréimhse atá faoi chaibidil. Lean tionchar an mhoratóra ar phoist freagrachta ag dul i bhfeidhm ar scoileanna.
- Léirigh bunú na mBord Oideachais agus Oiliúna athchóiriú suntasach i gcóras oideachais na hÉireann.

Caibidil a Dó: An Chigireacht

Tá cur síos ginearalta i gCaibidil a Dó ar an gCigireacht agus ar a cuid oibre. Déantar cur síos ar an tslí ina ndéanann an Chigireacht obair mheastóireachta agus chomhairleach agus ar na bealaí inar tháinig athrú ar an obair sin sa tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo.

I measc na bpríomhtheachtaireachtaí tá siad seo a leanas:

- Bíonn cigireachtaí dírithe ar na príomhthosca a mbíonn tionchar acu ar eispéiris foghlama na ndaltaí. Is iad seo, go príomha, cáilíocht an teagaisc agus na foghlama, agus cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta.
- Breathnaítear i gcigireachtaí freisin ar acmhainn/ar chumas na scoile athrú chun feabhais a bhrú chun cinn.
- Tharla dianchomhairliúchán agus obair fhorbartha sa tréimhse atá faoi athbhreithniú chun críoch a chur le sraith samhlaigh cigireachta nua nó athchóirithe don úsáid i mbunscoileanna agus n-iar-bhunscoileanna. Faoi mhí an Mheithimh 2016, bhí siad seo ullamh le cur i bhfeidhm i scoileanna ó Mheán Fómhair 2016. (Dá bhrí sin, tá na cigireachtaí a tuairiscíodh sa tréimhse 2013-2016 bunaithe ar na socrúithe cigireachta ón seanchóras).
- Tharla tús agus luathfheidhmiú na féinmheastóireachta scoile i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.
- Rinne an Chigireacht, ar iarratas ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus ón Aire Oideachais agus Scileanna, cigireachtaí oideachas-dhírithe i suíomhanna luathbhlianta a fhorbairt agus tosaíodh ar iad a chur i bhfeidhm i suíomhanna luathbhlianta. Tagann siad seo mar chomhlánú ar chigireachtaí rialála Tusla.
- Foilsítear tuairiscí cigireachta a thagann ón gclár cigireachta ginearálta do shuíomhanna luathbhlianta, do scoileanna agus do lárionaid oideachais de réir na bprionsabal agus na prótacal atá aontaithe. Rinneadh obair chun fáil níos éasca a bheith ar na tuairiscí seo agus bhí an fhormaid nua don tuairisciú ullamh le húsáid ó Mheán Fómhair 2016.

CUID a DÓ

Tá na cinní a thuairiscítear sa chuid seo, i gCaibidilí a Trí go dtí a Cúig, ar shuíomhanna luathbhlianta, ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, bunaithe ar eolas a bailíodh le linn réimse leathan cigireachtaí, lena n-áirítear:

- Nach mór 240 cigireacht oideachas-dhírithe sna luathbhlianta
- Os cionn 800 meastóireacht scoile-uile bunscoile agus os cionn 250 iar-bhunscoile
- Nach mór 1,500 Cigireacht Theagmhasach bunscoile agus os cionn 800 iar-bhunscoile
- Cigireachtaí Téamacha ar phleanáil agus ar shocrú spriocanna i 38 scoil DEIS (20 bunscoil agus 18 n-iar-bhunscoil)
- Breis agus 1,100 Cigireacht Ábhair agus 92 measúnú clár ag leibhéal iar-bhunscoile
- Beagnach 38,000 ceistneoir dalta ag leibhéal bunscoile agus os cionn 41,000 ceistneoir dalta ag leibhéal iar-bhunscoile
- Thart ar 51,000 ceistneoir tuismitheora, faoi rún, ag leibhéal bunscoile agus os cionn 26,500 ceistneoir tuismitheora, faoi rún, ag leibhéal iar-bhunscoile.

Caibidil 3: Caighdeán an Teagaisc agus na Foghlama i suíomhanna atá páirteach sa Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (CÓLÓ)

- Cuireann COLÓ eispéaras réamhscoile saor in aisce ar fáil do leanaí roimh dóibh tosú sa bhunscoil. Bíonn formhór na bpáistí páirteach anois sa chlár COLÓ.
- Sa bhliain 2015, rinne Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS), ar iarratas ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ), samhail chigireachta a fhorbairt do cháilíocht an tsoláthair oideachais i suíomhanna luathbhlianta atá páirteach sa scéim um Chúram agus Oideachas na LuathÓige (COLÓ).
- Rinneadh samhail do Chigireacht Oideachas-dhírthe Luathbhlianta (COL) a fhorbairt i 2015 bunaithe ar thaighde ar an oideachas luathbhlianta agus i gcomhpháirt le cleachtóirí, le húinéirí/bainisteoirí suíomhanna agus le saineolaithe luathbhlianta. Bhí *Aistear: Creat Curaclaim na Luathbhlianta* agus *Síolta: an Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige* mar bhonn eolais don Chreat Cáilíochta COL atá le húsáid i gcigireachtaí.
- I mí na Samhna 2015 rinneadh foireann cigirí luathbhlianta a earcú agus ó mhí na Samhna 2015 go deireadh mhí Feabhra 2016 rinneadh roinnt cigireachtaí pólótacha. Cuireadh tús, i mí Aibreáin 2016, le gníomhaíocht fhoirmiúil na cigireachta i suíomhanna luathbhlianta.
- Foilsíodh na chéad tuairiscí COL ar láithreán gréasáin na Roinne ag deireadh mhí an Mheithimh 2016.
- Ba léir do chigirí go raibh an t-atmaisféar i suíomhanna luathbhlianta teolaí agus measúil, go raibh na leanaí sásta agus socraithe ar an iomlán agus go raibh na suíomhanna dea-acmhainnithe. Léirigh freagairt ó shuíomhanna go raibh glacadh dearfach leis na cigireachtaí seo.
- Ré shuntasach do Chigireacht na Roinne agus d'earnáil na luathbhlianta araon a bhí ann nuair a cuireadh tús le COLaí i 2015. D'fhéadfadh an clár cigireachta do shuíomhanna luathbhlianta dul i bhfeidhm go dearfach ar eispéaras oideachasúil leanaí nuair a bhíonn siad sna suíomhanna luathbhlianta agus nuair a bhíonn siad ag aistriú chun na bunscoile agus cur go straitéiseach leis an gclár polasaí náisiúnta d'fheabhsú na cáilíochta.
- Tá fáil i dtuarascáil na Cigireachta *Athbhreithniú ar Chigireachtaí dírithe ar Oideachas Luathbhlianta: Léargais agus Forbairt sa Todhchaí*, a foilsíodh ar 31 Eanáir 2018 ar athbhreithniú ar shamhail COL tar éis bliain feidhme agus clúdaítear ann an tréimhse Aibreán 2016 go Meitheamh 2017 nuair a rinneadh 867 cigireachtaí.
- Léiríodh, ó na próisis chomhairliúcháin, go raibh tacaíocht an-láidir ann do chur chuige láidreachtaí-bhunaithe COL agus luaigh a lán freagróirí agus príomhpháirtithe leasmhara gur chuireadar fáilte roimh an t-aitheantas agus an bailíochtú ar a gcleachtas gairmiúil i leith an tsoláthair don oideachas luathbhlianta. Tháinig ceisteanna chun cinn freisin, áfach, maidir leis an gcomhthéacs ina bhfuil COLÓ ag feidhmiú agus luadh go raibh na coinníollacha oibre dúshlánacha a bhí ag foirne na seirbhísí luathbhlianta mar phríomhfhoinsé frustrachais agus deacrachta nuair a bhíodhas ag iarraidh gníomhú chun an cháilíocht a fheabhsú
- Léiríonn torthaí ó chigireachtaí, cé go bhfuil ábhar dóchais ann maidir le cineál an chleachtais sa lutahoideachas, go bhfuil a lán oibre fós le déanamh chun acmhainn earnáil na luathbhlianta a fhorbairt in Éirinn ionas gur féidir eispéiris oideachais

ardcháilíochta a sholáthar do leanaí ó thrí bliana d'aois go dtí go dtosaíonn siad sa bhunscoil. Baineann an obair seo le:

- próisis náisiúnta mheastóireachta agus mhonatóireachta a chomhordú in earnáil na luathbhlianta
 - soláthar ar chláir éifeachtacha tosaigh agus leanúnach do bhaill foirne sna seirbhísí luathbhlianta agus tionscnaimh chun a gcoinníollacha oibre a fheabhsú
 - comhairle agus tacaíocht a fhorbairt chun na creata cleachtais náisiúnta (Aistear agus Síolta) a chur i bhfeidhm
 - cumarsáid níos fearr chun tuismitheoirí, bunscoileanna agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi nádúr, luach agus tábhacht an luathoideachas sna seirbhísí luathbhlianta
- Dúshlán suntasach do na seirbhísí luathbhlianta agus do na bunscoileanna araon ná caidrimh agus prótacail a fhorbairt a thacaíonn le haistrithe rathúla ó réamhscoileanna go bunscoileanna.
 - Tá an Chigireacht tiomanta do leanúint ag obair i bpáirtnéireacht leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir chun lionsa leanbhí, oideachasúil a dhíriú ar an meastóireacht ar an soláthar oideachais Stát-mhaoinithe do na luathbhlianta.
 - Tá sonraí níos iomláine ar fáil ar thorthaí na gcigireachtaí luathbhlianta i dtuarascáil ar leith: *Athbhreithniú ar Chigireachtaí dírithe ar Oideachas sna Luathbhlianta: Aibreán 2016 - Meitheamh 2017 – Léargais agus Forbairtí* (An Chigireacht, ROS, 2018).

Caibidil 4 Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama i mbunscoileanna

Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama i mbunscoileanna

- Ba é breithmheas na gcigirí go raibh cáilíocht fhoriomlán an teagaisc i mbunscoileanna ar ardchaighdeán. Breithníodh é a bheith go maith nó níos fearr in idir 88% agus 94% de scoileanna ar tugadh cuairt orthu, ag brath ar an tsamhail chigireachta a bhí in úsáid. Is ionann seo agus feabhas beag ar cháilíocht an teagaisc ó n-a raibh curtha in iúl i dTuarascáil an Phríomhchigire 2010-2012 nuair a léiríodh cáilíocht an teagaisc a bheith go maith nó níos fearr in 86% de na cigireachtaí.

Teagasc agus foghlaim i mbunscoileanna

Tuarascáil an Phríomhchigire	Cáilíocht an teagaisc ar an iomlán go maith nó níos fearr	Cáilíocht na foghlama ar an iomlán go maith nó níos fearr
2013 - 2016	88% - 94% de scoileanna ar tugadh cuairt orthu ag brath ar an tsamhail chigireachta	89% - 96% de scoileanna ar tugadh cuairt orthu ag brath ar an tsamhail chigireachta
2010 - 2012	86% de na cigireachtaí go léir	86% - 91% de scoileanna ar tugadh cuairt orthu ag brath ar an tsamhail chigireachta

Cáilíocht iomlán an teagaisc sa scoil	An-mhaith	Go maith	Níos lú ná sasúil
2013-16 sna cigireachtaí teagmhasacha uile	13%	75%	12%

- Mar sin féin, in 12% de na scoileanna a ndearnadh meastóireachtaí orthu i gCigireachtaí Teagmhasacha, dúradh go raibh cáilíocht an teagaisc, ar an iomlán, níos lú ná sasúil. Thug cigirí faoi deara go minic nach raibh ach deiseanna teoranta ar fáil do dhaltaí don obair ghníomhach nó don obair i gomhpháirt le daltaí eile. Tá an fhianaise seo comhthacaithe ag fianaise ó cheistneoirí na ndaltaí. Tá gá le fócas níos

láidre ar an bpleanáil do pháirtíocht bhríoch na ndaltaí sa phróiseas foghlama agus do dhifreálú leordhóthanach chun freastal ar raon riachtanas na ndaltaí.

- Léiríodh, ó Chigireachtaí Teagmhasacha, go raibh cáilíocht na foghlama i gcoitinne go maith nó níos fearr in 89% de cheachtanna. Tá sé seo dearfach i gcomparáid leis an tréimhse 2010-2012 nuair a bhí cáilíocht na foghlama go maith nó níos fearr in 86% de cheachtanna.

Teagasc agus foghlaim an Bhéarla i mbunscoileanna

- Tugann na sonraí le fios gur tháinig feabhas ar theagasc agus ar fhoghlaim an Bhéarla i mbunscoileanna. Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go maith nó níos fearr i 93% de bhunscoileanna ina ndearna an Chigireacht Meastóireacht Scoile Uile (MSU) i gcomparáid le 89% de scoileanna i 2010-2012. I gCigireachtaí Teagmhasacha, léiríodh cáilíocht foghlama na ndaltaí sa Bhéarla a bheith go maith nó níos fearr in 89% de cheachtanna lena mbaineann an tuarascáil reatha i gcomparáid le 87% a bhí sásúil nó níos fearr sa tréimhse 2010-2012. Fáiltítear roimh an bhfeabhsúchán seo agus léirítear gnóthachtáil an-sláintiúil leis sin.

Teagasc agus foghlaim an Bhéarla i mbunscoileanna

Tuarascáil an Phríomhchigire	Caighdeán an teagaisc agus na foghlama ar an iomlán go maith nó níos fearr	Caighdeán na foghlama ar an iomlán go maith nó níos fearr
2013 - 2016	93% de scoileanna i gcigireachtaí MSU	89% de cheachtanna i gcigireachtaí teagmhasacha
2010 - 2012	89% de scoileanna i gcigireachtaí MSU	87% de cheachtanna i gcigireachtaí teagmhasacha

Caighdeán iomlán an teagaisc agus na foghlama sa scoil	An-mhaith	Go maith	Níos lú ná sásúil
2013-16 i gcigireachtaí MSU	27%	66%	7%

Baintear úsáid as modhanna teagaisc oiriúnacha i gceachtanna	Sásúil	Níos lú ná sásúil
2013-2016 i gceachtanna i gcigireachtaí teagmhasacha	88%	12%

- Ó 2013 i leith táimid tar éis an tuairisciú ar shonraí agus ar chigireachtaí a fheabhsú. Is féidir linn a rá anois go raibh cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Bhéarla i 27% de cheachtanna i MSU go han-mhaith agus go raibh sé go maith i 66% eile. Léiríonn sé seo, cé go bhfuil ar an iomlán ar an líon ard ceachtanna a bhí go maith nó níos fearr, gur féidir feabhas breise a chur ar cheachtanna agus níos mó ceachtanna a bhogadh ón cleachtas sásúil go cleachtas an-mhaith nó sár-mhaith.

Teagasc agus foghlaim na Matamaitice i mbunscoileanna

- Léiríodh go raibh an cháilíocht a bhain le teagasc agus foghlaim na Matamaitice in MSU a rinneadh i mbunscoileanna sásúil nó níos fearr i 96% de scoileanna i gcomparáid le 92% i dtuarascáil 2010-2012. Bhí feabhas beag léirithe i gcáilíocht na foghlama sna Cigireachtaí Teagmhasacha mar ar léiríodh cáilíocht foghlama na ndaltaí sa Mhatamaitic a bheith go maith nó níos fearr in 87% de cheachtanna sa tréimhse lena mbaineann an tuarascáil i gcomparáid le 85% a bhí sásúil nó níos fearr sa tréimhse 2010-2012.
- Is féidir breathnú freisin ar mhionscagadh ar cháilíocht foghlama na Matamaitice sna sonraí a bhaineann le 2013-16. Bhí cáilíocht foghlama na ndaltaí go han-mhaith nó níos fearr i 33% de scoileanna ina ndearnadh MSU sa tréimhse lena mbaineann an tuarascáil agus go maith i 63% eile. Léiríonn sé seo, arís, gur féidir feabhsú tuilleadh agus gur féidir le méadú teacht ar chéatadán na gceachtanna ina mbíonn foghlaim na ndaltaí sa in Mhatamaitic ar an gcaighdeán is airde.

Teagasc agus foghlaim na matamaitice i mbunscoileanna

Tuarascáil an Phríomhchigire	Caighdeán an teagaisc agus na foghlama ar an iomlán go maith nó níos fearr	Caighdeán na foghlama ar an iomlán go maith nó níos fearr
2013-2016	96% de scoileanna i gcigireachtaí MSU	87% de cheachtanna i gcigireachtaí teagmhasacha
2010-2012	92% de scoileanna i gcigireachtaí MSU	85% de cheachtanna i gcigireachtaí teagmhasacha

Caighdeán iomlán an teagaisc agus na foghlama sa scoil	An-mhaith	Go maith	Níos lú ná sásúil
2013-2016 i gcigireachtaí MSU	33%	63%	4%

Baintear úsáid as modhanna teagaisc oiriúnacha i gceachtanna	Sásúil	Níos lú ná sásúil
2013-2016 i gceachtanna i gcigireachtaí teagmhasacha	85%	15%

- Léiríonn na torthaí atá dearfach i gcoitinne maidir le Béarla agus Matamaitic méadú ar ghnóthachtáil leanaí agus deimhníonn torthaí ó thrialacha náisiúnta agus idirnáisiúnta a leithéid. Mar aon leis sin, is dócha go raibh dea-thionchar ag an ngá a bhí ag scoileanna díriú, le linn na tréimhse atá i gceist, ar litearthacht agus uimhearthacht.
- Léirítear, áfach, ó chéatadán na gceachtanna a breathnaíodh i gcigiearchtaí teagmhasacha ina raibh modhanna teagaisc a bhí níos lú ná sásúil, (12% i mBéarla agus 15% sa Mhatamaitic) go bhfuil gá le feabhsú anseo.

Teagasc agus foghlaim na Gaeilge i mbunscoileanna

- Sa tréimhse 2010-2012, thuairiscigh cigirí go raibh cáilíocht na foghlama i nGaeilge sásúil nó níos fearr i 74% de na ceachtanna a breathnaíodh i gcigireachtaí teagmhasacha agus go raibh 26% de cheachtanna níos lú ná sásúil. In ainneoin roinnt

moltaí a rinneadh chun tacú leis an bhfeabhsú i dtuarascáil 2013, níor léiríodh aon fheabhas ar chaighdeán teagaisc agus foghlama na Gaeilge sa tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo. Sa tréimhse 2013-2016, léiríodh cáilíocht an teagaisc agus na foghlama a bheith go maith nó níos fearr i 72% de scoileanna a ndearnadh meastóireacht orthu trí MSU agus go raibh cáilíocht na foghlama go maith nó níos fearr i 74% de cheachtanna le linn Cigireachtaí Teagmhasacha. Ciallaíonn sé seo go bhfuil sé níos lú ná sásúil in idir 26% agus 28% de mheastóireachtaí.

Teagasc agus foghlaim na Gaeilge i mbunscoileanna

Tuarascáil an Phríomhchigire	Caighdeán an teagaisc agus na foghlama ar an iomlán go maith nó níos fearr	Caighdeán na foghlama ar an iomlán go maith nó níos fearr
2013-2016	72% de scoileanna i gcigireachtaí MSU	74% de cheachtanna i gcigireachtaí teagmhasacha
2010-2012	72% de scoileanna i gcigireachtaí MSU	76% de cheachtanna i gcigireachtaí teagmhasacha

Caighdeán iomlán an teagaisc agus na foghlama sa scoil	An-mhaith	Go maith	Níos lú ná sásúil
2013-2016 i gcigireachtaí MSU	12%	60%	28%

Baintear úsáid as modhanna teagaisc oiriúnacha i gceachtanna	Sásúil	Níos lú ná sásúil
2013-2016 i gceachtanna i gcigireachtaí teagmhasacha	78%	22%

- Tá na gnóthachtálacha sa Ghaeilge níos lú go mór ná mar atá sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic. Dá bhrí sin tá féidearthacht ollmhór chun cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Ghaeilge a fheabhsú. Má tá a leithéid le tarlú, beidh gá le hathrú suntasach ó thaobh na n-eispéaras foghlama a bhíonn ar fáil do dhaltáí.
- Is féidir linn breathnú ar an mbriseadh síos ar cháilíocht an teagaisc/na foghlama sna sonraí a bhaineann le 2013-16. Measadh nach raibh teagasc agus foghlaim na Gaeilge go han-mhaith nó níos fearr i 12% de scoileanna an ndearnadh MSU iontu (i gcomparáid le 27% don Bhéarla agus 33% don Mhatamaitic) agus measadh freisin 60% a bheith go maith. Léiríonn a leithéid arís féidearthacht shuntasach don fheabhsúchán. Go deimhin, is gá go dtarlódh athrú suntasach chun líon i bhfad níos mó ceachtanna a thabhairt isteach sa chatagóir an-mhaith.
- Mhol cigirí gur chóir go ndéanfaí difreálú cuí ar ábhar na gceachtanna Gaeilge chun freastal ar riachtanais agus ar leibhéil chumais na ndaltaí agus gur gá deiseanna breise a sholáthar do dhaltáí chun an teanga a bhíonn múinte dóibh a úsáid.

Cáilíocht an mheasúnaithe i mbunscoileanna

- Bhí cáilíocht an mheasúnaithe níos lú ná sásúil i níos mó ná an cúigiú cuid de cheachtanna ar tugadh cuairt orthu i mbunscoileanna le linn Cigireachtaí Teagmhasacha. Bhí cáilíocht an mheasúnaithe níos lú ná sásúil i 19% de na MSU a tharla le linn na tréimshe seo. Tá gá na cleachtais a bhaineann le measúnú ar fhoghlaim agus measúnú chun foghlama a fheabhsú ina lán suíomhanna

bunscoileanna. Léiríonn na torthaí ó cheistneoirí daltaí gur gá do mhúinteoirí níos mó plé a bheith acu le daltaí faoi thorthaí trialacha agus gur gá a thabhairt le fios dóibh conas mar is féidir leo feabhsú.

Cáilíocht na tacaíochta d'fhoghlaim leanaí i mbunscoileanna

- Bhí cáilíocht an tacaíochta i gcoitinne do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais (RSO) go maith nó níos fearr in 89% de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu. Bhí ceistneoirí na ndaltaí agus na dtuismitheoirí an-dearfach freisin sna tuairimí a léirigh siad don tacaíocht do RSO.
- Tá gá, áfach, le teagmháil níos fearr le tuismitheoirí agus le daltaí riachtanais speisialta oideachais (RSO) mar níor aontaigh nach mór 10% de thuismitheoirí i gcigireachtaí RSO go raibh siad ar an eolas faoi na spriocanna foghlama a bhí leagtha amach dá leanaí sna pleananna foghlama aonair.

Cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta i mbunscoileanna

- Bhí cáilíocht na bainistíochta go maith nó níos fearr in 89%-90% de na scoileanna ina ndearnadh meastóireachtaí scoile eile (MSU nó MSU-BCF). Tá sé seo beagán níos fearr ná mar a bhí i d*Tuarascáil an Phríomhchigire 2010-2012* ina raibh cáilíocht na bainistíochta go maith nó níos fearr in 88% de bhunscoileanna.
- Léiríodh boird bhainistíochta a bheith tacúil, coinsiasach, réamhghníomhach agus tiomanta sna scoileanna a bhí níos éifeachtaí. I scoileanna nach raibh na cigirí chomh dearfach faoi cháilíocht oibre an bhoird, ba léir dóibh go minic nach raibh faomhadh tugtha ag an mbord do pholasaithe eagraíochtúla ná do phleananna curaclaim agus nach raibh na polasaithe agus na pleananna seo curtha in iúl go héifeachtach do thuismitheoirí.
- Nuair a tugtar laigí tromchúiseacha faoi deara in obair na scoile, bíonn cumas na scoile dul i ngleic le roinnt de na dushláin thromchúiseacha, cosúil le rialachas, curtha i gcontúirt ag an nádúr deonach a bhíonn i gceist leis an mballraíocht ar fhorhóir na mbord. Bíonn sé deacair ar roinnt bord deonacha roinnt tascanna a bhainistiú ar a n-áirítear mórthionscadail chaipitil agus gearáin ó thuismitheoirí mar aon le ceannaireacht chúil a sholáthar nuair nach mbíonn na caighdeain sásúil sa scoil. Bíonn a lán buntáistí ag baint le boird dheonacha, ar a n-áirítear na naisc a chothaíonn siad le pobail scoile, agus bíonn sé dúshlánach do chuid acu plé le fadhbanna bainistíochta atá mar chúram orthu agus atá ag éirí níos casta. Caithfear breathnú ar a laghad ar na bealaí inar féidir tacaíocht ghairmiúil breise a sholáthar do bhoird ina leithéid de chásanna.
- Leanann cáilíocht mhaith nó an-mhaith oibre ag na foirne bainistíochta ionscoile (an príomhoide agus an leas-phríomhoide). Sna MSU agus sna MSU-BCF a rinneadh sa tréimhse lena mbaineann an tuarascáil, bhí an céatadán scoileanna ina raibh cáilíocht oibre na bainistíochta ionscoile níos lú ná sásúil idir 11% agus 15% sa tuarascáil seo i gcomparáid le 18% i d*Tuarascáil an Phríomhchigire 2010-2012*. I bhformhór na scoileanna, nuair a bhí cur síos á dhéanamh ag cigirí ar an dea-chleachtas a ba léir dóibh ba iad ceannaireacht láidir agus dhírthe an phríomhoide, fócas scoile-uile ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim, agus tiomantas do ghnóthachtáil na ndaltaí a ardú a

bhí tugtha faoi deara. Moladh go minic, áfach, gur gá don bhainistíocht ionscoile cur chuige scoile uile a threorú chun gnóthachtáil na ndaltaí a ardú.

- Léiríodh go raibh daltaí á mbainistiú go maith i mbunscoileanna agus go raibh tromlach na dtuismitheoirí sásta le scoil a linbh. Léirigh torthaí ó cheistneoirí na dtuismitheoirí agus na ndaltaí, ach go háirithe, leibhéal an-ard sástachta leis na socrúithe a bhí i bhfeidhm ina lán scoileanna chun caidrimh dhearfacha a chothú agus chun dul i ngleic leis an mbulaíocht. Thug 84% de thuismitheoirí a d'fhreagair ceistneoirí bunscoile le fios go raibh siad muinínach go bhfeidhmeodh an scoil go pras agus go héifeachtach dá mbeadh bulaíocht ag tarlú dá leanbh.

Bulaíocht: ceistneoirí tuismitheoirí agus daltaí

Ceist	Freagróirí	Aontaím	Ní aontaím	Níl a fhios agam
Cuireadh mé ar an eolas faoi pholasaí frithbhulaíochta na scoile	Tuismitheoirí	90%	4%	6%
Is eol dom an duine sa scoil ar chóir dom labhairt leis/léi má dhéantar bulaíocht ar mo leanbh	Tuismitheoirí	93%	2%	5%
Má bhíonn duine ag déanamh bulaíochta orm, is féidir liom cabhair a fháil ó mhúinteoir nó ó dhuine fásta eile sa scoil	Daltaí	95%	1%	4%
Táim muinínach go ngníomhóidh an scoil láithreach agus go héifeachtach, má dhéantar bulaíocht ar mo pháiste	Tuismitheoirí	84%	5%	11%

Caibidil a Cúig: Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama in iar-bhunscoileanna

Cáilíocht an teagaisc in iar-bhunscoileanna agus i lárionaid oideachais

- Déanann an tuarascáil cur síos ar thorthaí an-dearfach d'iarbhunscoileanna. Measadh cáilíocht fhoriomlán an teagaisc in iar-bhunscoileanna a bheith go maith nó níos fearr in idir 88% agus 94% de cheachtanna, ag brath ar an tsamhail chigireachta a bhí in úsáid.

Teagasc agus foghlaim in iar-bhunscoileanna

Tuarascáil an Phríomhchigire	Cáilíocht an teagaisc ar an iomlán go maith nó níos fearr	Cáilíocht na foghlama ar an iomlán go maith nó níos fearr
2013 - 2016	88% - 94% de scoileanna ar tugadh cuairt orthu ag brath ar an tsamhail chigireachta	85% - 91% de scoileanna ar tugadh cuairt orthu ag brath ar an tsamhail chigireachta
2010 - 2012		82% - 84% de scoileanna ar tugadh cuairt orthu ag brath ar an tsamhail chigireachta

- Ba léir feabhsuithe suntasacha sa phleanáil don teagasc chun torthaí dearfacha a chinntiú do dhaltaí i gcomparáid le *Tuarascáil an Phríomhchigire 2010-2012* dheiridh ina raibh cáilíocht na pleanála don ábhar go maith nó níos fearr i 90% de Chigireachtaí Ábhair sa tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo i gcomparáid le 81% sa tuarascáil roimhe sin.
- I measc na moltaí a tháinig ó chigireachtaí bhí: úsáid bhreise ar fhoghlaim ghníomhach ar a n-áirítear gníomhaíochtaí dalta-lárnach agus dalta-threoraithe; úsáid chruthaitheach agus chomhtháite ar TFC; agus ionchais na gnóthachtála a ardú in ionaid *Ógtheagmhála*. Is léir freisin go bhféadfaí cáilíocht an aiseolais a thugtar do dhaltaí ar a gcuid oibre a fheabhsú i gcásanna áirithe.

- Bhí cáilíocht na foghlama go maith nó níos fearr in 85% go 91% de scoileanna ar tugadh cuairt orthu, ag brath ar an tsamhail chigireachta a bhí in úsáid. Bhí sé seo níos fearr ná mar a bhí i dtuarascáil 2010-2012 ina raibh cáilíocht na foghlama go maith nó níos fearr in idir 82% agus 84% de scoileanna.

Teagasc agus foghlaim an Bhéarla in iar-bhunscoileanna

- Léiríonn na sonraí ó 2013-2016 go raibh cáilíocht na foghlama a breathnaíodh i gceachtanna le linn Cigireachtaí Ábhair ar Bhéarla ar aon dul leis an tréimhse 2010-2012. Léiríodh an fhoghlaim sa Bhéarla a bheith go maith nó go han-mhaith in 83% de cheachtanna a breathnaíodh le linn Cigireachtaí Ábhair ar Bhéarla sa tréimhse 2013-2016 i gcomparáid le 84% de cheachtanna sa tréimhse 2010-2012.
- Tá scagadh na bhfigiúirí sa tuarascáil seo, idir na ceachtanna ina raibh an fhoghlaim “go han-mhaith” agus “go maith”, faisnéiseach. Léirítear an fhoghlaim i 34% de na ceachtanna Béarla a breathnaíodh le linn cigireachtaí ábhair sa tréimhse 2013-16 a bheith go han-mhaith agus 49% de na ceachtanna a bheith go maith. Is léir go bhfuil scóip anseo chun an fhoghlaim a fheabhsú.

Teagasc agus foghlaim an Bhéarla in iarbhunscoileanna

Tuarascáil an Phríomhchigire	Caighdeán an teagaisc ar an iomlán go maith nó níos fearr	Caighdeán na foghlama ar an iomlán go maith nó níos fearr
2013-2016	89% de cheachtanna i gcigireachtaí ábhair	83% de cheachtanna i gcigireachtaí ábhair
2010-2012	87% de cheachtanna i gcigireachtaí ábhair	84% de cheachtanna i gcigireachtaí ábhair

Caighdeán iomlán na foghlama sa scoil	An-mhaith	Go maith	Níos lú ná sásúil
2013-2016 i gcigireachtaí MSU	34%	49%	17%

Baintear úsáid as modhanna teagaisc oiriúnacha i gceachtanna	Sásúil	Níos lú ná sásúil
2013-2016 i gceachtanna i gcigireachtaí teagmhasacha	87%	13%

- Is ábhar imní é ardleibhéal na gceachtanna Béarla a bhí níos lú ná sásúil (17%) sa tuarascáil reatha. Sna ceachtanna seo thug cigirí faoi deara drochphleanáil don teagasc agus don fhoghlaim, easpa éagsúlachta in ábhar an cheachta agus gan na daltaí a bheith rannpháirteach go leor.

Teagasc agus foghlaim na Matamaitice in iar-bhunscoileanna

- Tá ár dtorthaí i gcoitinne ó Chigireachtaí Ábhair na Matamaitice dearfach den chuid is mó. Léiríonn na sonraí ó 2013-2016 go raibh an fhoghlaim go maith nó níos fearr in 88% de na ceachtanna i gCigireachtaí Ábhair na Matamaitice, méadú suntasach i gcomparáid le 2010-2012 mar a raibh cáilíocht na foghlama go maith nó níos fearr i 74% de cheachtanna. Fáiltítear roimh an méadú seo agus is léiriú é ar leabú rathúil ar churaclam Tionscadal Mata i scoileanna. Bhí iar-bhunscoileanna gafa freisin leis an

straitéis uimhearhachta agus litearthachta mar chuid den fhéinmheastóireacht le linn na tréimhse seo. D'fhéadfadh gur chuir sé seo freisin leis na feabhsuithe a tugadh faoi deara.

- Toisc gur tharla athruithe sa tuairisciú ar shonraí is féidir linn a rá anois, don tréimhse 2013-2016, go raibh an fhoghlaim a breathnaíodh i 41% de cheachtanna Matamaitice i gCigireachtaí Ábhair sa chatagóir an-mhaith agus go raibh an fhoghlaim i 47% de cheachtanna eile sa chatagóir maith. Bhí foghlaim na ndaltaí níos lú ná sásúil in 12% de cheachtanna i gCigireachtaí Ábhair.
- Is ábhar imní freisin, i gcigireachtaí teagmhasacha, go raibh úsáid mhodhanna teagaisc oiriúnacha níos lú ná sásúil i 15% de cheachtanna.

Teagasc agus foghlaim na Matamaitice in iar-bhunscoileanna

Tuarascáil an Phríomhchigire	Caighdeán an teagaisc ar an iomlán go maith nó níos fearr	Caighdeán na foghlama ar an iomlán go maith nó níos fearr
2013-2016	93% de cheachtanna i gcigireachtaí ábhair	88% de cheachtanna i gcigireachtaí ábhair
2010-2012	77% de cheachtanna i gcigireachtaí ábhair	74% de cheachtanna i gcigireachtaí ábhair

Caighdeán iomlán an teagaisc agus na foghlama sa scoil	An-mhaith	Go maith	Níos lú ná sásúil
2013-2016 i gcigireachtaí MSU	41%	47%	12%

Baintear úsáid as modhanna teagaisc oiriúnacha i gceachtanna	Sásúil	Níos lú ná sásúil
2013-2016 i gceachtanna i gcigireachtaí teagmhasacha	85%	15%

Teagasc agus foghlaim na Gaeilge in iar-bhunscoileanna

- Tá dúshlaín a leanann go fóill maidir le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Ghaeilge. Léirigh cáilíocht fhoghlaim na ndaltaí i gCigireachtaí Ábhair Gaeilge gur tháinig feabhas ar fhoghlaim na ndaltaí ó foilsíodh *Tuarascáil an Phríomhchigire* cheana. Measadh cáilíocht na foghlama ag daltaí a bheith sásúil nó níos fearr i 68% de cheachtanna i 2010-12, agus dfheabhsaigh sé seo go 79% sa tréimhse 2013-16. Thug cigirí faoi deara freisin céatadán níos airde ceachtanna (suas le 10%) a bhí go han-mhaith agus laghdú ar aon dul leis seo i gcéatadán na gceachtanna ar measadh iad a bheith níos lú ná sásúil.
- Mar sin féin, leanann na t-ábhar imní go fóill faoin nGaeilge. Tá an fhoghlaim níos laige ná mar atá sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic. Is é an céatadán de cheachtanna Gaeilge ar measadh i gCigireachtaí Ábhair go raibh an fhoghlaim go han-mhaith ná 28% (i gcomparáid le 34% sa Bhéarla agus 41% sa Mhatamaitic). Mar aon leis sin, i 21% de na ceachtanna a breathnaíodh i gCigireachtaí Ábhair don Ghaeilge, tá an fhoghlaim níos lú ná sásúil. Ar aon dul leis an mbunleibhéal, mhol cigirí go mbeadh níos mó deiseanna cumarsáide sa sprioctheanga ionas go mbeadh taithí ag daltaí ar an teanga a labhairt.

Teagasc agus foghlaim na Gaeilge in iar-bhunscoileanna

Tuarascáil an Phríomhchigire	Caighdeán an teagaisc ar an iomlán go maith nó níos fearr	Caighdeán na foghlama ar an iomlán go maith nó níos fearr
2013-2016	84% de cheachtanna i gcigireachtaí ábhair	79% de cheachtanna i gcigireachtaí ábhair
2010-2012	72% de cheachtanna i gcigireachtaí ábhair	68% de cheachtanna i gcigireachtaí ábhair

Caighdeán iomlán an teagaisc agus na foghlama sa scoil	An-mhaith	Go maith	Níos lú ná sasúil
2013-2016 i gcigireachtaí MSU	28%	51%	21%

Baintear úsáid as modhanna teagaisc oiriúnacha i gceachtanna	Sásúil	Níos lú ná sasúil
2013-2016 i gceachtanna i gcigireachtaí teagmhasacha	78%	22%

Easpa difreálaithe i gceachtanna

- Sna trí 'phríomhábhar', Béarla, Matamaitic agus Gaeilge, fuarthas amach ó na cigireachtaí nár dhifreálaigh múinteoirí go cuí i líon suntasach ceachtanna. Moladh ina lán tuairiscí gur chóir tuilleadh frbartha a dhéanamh ar straitéisí éifeachtacha don difreálú lena chinntiú go ndéantar daltaí ar gach leibhéal cumais a ionchuimsiú go héifeachtach

Cáilíocht na tacaíochta d'fhoghlaim na leanaí in iar-bhunscoileanna

- I 96% de na ceachtanna a ndearnadh meastóireacht ar chigireachtaí ábhair iontu agus a bhí dírithe ar an soláthar do Riachtanais Speisialta Oideachais, léiríodh cáilíocht an teagaisc agus na foghlama a bheith go maith nó níos fearr. Léiríonn na freagairtí ar cheistneoirí tuismitheoirí go minic go bhféadfadh cumarsáid níos éifeachtaí a bheith ag scoileanna le tuismitheoirí maidir leis na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag a leanaí.
- I meastóireachtaí DEIS a tharla le linn na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil, bhí daltaí agus tuismitheoirí sasta i gcoitinne le cáilíocht na tacaíochta a bhíonn á fhail acu i scoileanna.

Cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta in iar-bhunscoileanna

- Sa tréimhse seo, mheas cigirí go raibh cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta go maith nó níos fearr i 91% de na MSU-BCF a rinneadh. Dúradh sa tuarascáil go raibh fíis shoiléir don scoil agus fócas dea-roghnaithe ar fhorbairt an teagaisc agus na foghlama ag formhór na mbord bainistíochta
- Léiríodh do chigirí go raibh na scoileanna go han-mhaith sa chumarsáid le tuismitheoirí faoi pholasaithe scoile agus iad a choimeád ar an eolas faoi dhul chun cinn a leanaí. Níor éirigh chomh maith céanna le scoileanna sa chumarsáid ar eolas a bhain le rogha ábhair agus curaclaim ag príomhphointí aistrithe.
- Leiríodh do chigirí go raibh bainistíocht shinsearach éifeachtach i bhformhór na scoileanna a ndearadh cigireacht orthu. Léiríonn ceistneoirí na dtuismitheoirí go bhfuil

iompar na ndaltaí go han-mhaith i bhformhór na scoileanna agus go bhfuil córais mhaith do bhainistíocht daltaí i bhfeidhm.

Frithbhulaíocht in iar-bhunscoileanna: ceistneoirí daltaí agus tuismitheoirí

Ceist	Freagróirí	Aontaím	Ní aontaím	Níl a fhios agam
Tá mé ar an eolas faoi pholasaí frithbhulaíochta na scoile	Tuismitheoirí	90%	5%	5%
Tá mé ar an eolas faoin duine ar chóir dom labhairt leis/léi, má dhéantar bulaíocht ar mo leanbh	Tuismitheoirí	85%	6%	9%
Is féidir liom labhairt le duine fásta sa scoil má bhíonn fadhbanna agam	Daltaí	74%	10%	16%
Tá muinín agam as an scoil chun gníomhú láithreach agus go héifeachtach má dhéantar bulaíocht ar mo leanbh	Tuismitheoirí	78%	6%	16%
Má tá duine éigin ag déanamh bulaíochta orm, is féidir liom cabhair a fháil ó mhúinteoir nó ó dhuine fásta eile sa scoil	Daltaí	85%	5%	10%

- Tá obair mhaith á dhéanamh ag scoileanna chun dul i ngleic leis an mbulaíocht agus tharla feabhas suntasach ón tuarascáil dheiridh ar chéatadán na dtuismitheoirí agus na ndaltaí a bhfuil muinín acu go ngníomhódh an scoil go pras agus go héifeachtach leis an mbulaíocht. Le linn MSU-BCF a tharla sa tréimhse 2010-2012, léirigh an ceathrú cuid de na tuismitheoirí agus an cúigiú cuid de na daltaí, nach mór, nárbh eol dóibh cé chomh maith agus a rinne an scoil ceist na bulaíochta a láimhseáil. Tá na cinní sa tuarascáil seo níos dearfaí. Le linn MSU a tharla sa tréimhse 2013-2016 ní raibh ach 16% de thuismitheoirí nach raibh a fhios acu cé chomh maith agus a phléifeadh an scoil leis an mbulaíocht ach agus bhí 78% de thuismitheoirí muiníneach go ngníomhódh an scoil go pras agus go héifeachtach dá mbeadh bulaíocht ag tarlú dá leanbh. Léirigh 85% de dhaltaí go raibh muinín acu go mbeadh cúnamh le fáil acu ó mhúinteoir nó ó dhuine fásta dá mbeadh bulaíocht á dhéanamh orthu.

Chapter Six: Ag Tacú leis an bhFeabhas

Féinmheastóireacht scoile

- Athchóiriú an-suntasach ar an dearbhú cáilíochta don chóras oideachais atá sa tús a cuireadh le féinmheastóireacht scoile (FMS), atá á chur chun cinn go gníomhach ag an Roinn agus ag an gCigireacht.
- Tá scoileanna tosaithe ar a bheith gafa le FMS agus tá siad ag dul i dtaithí de réir a chéile ar phróiseas sé-chéim FMS. Cuireann FMS ar chumas scoileanna gcuid oibre agus a gcaighdeán a choimeád faoi athbhreithniú agus gníomhú ar fheabhsuithe ar leith i réimsí ina n-aithnítear go bhfuil gá leis an bhfeabhas.
- Bhain nach mór gach scoil leas as na cuairteanna comhairleacha ó chigirí chun cabhrú leo tús a chur leis an FMS. Bhí tionchar diúltach, áfach, ag caidrimh thionsclaíochta ar an nglacadh le FMS i roinnt scoileanna in amanna sa tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo.

- Bhain formhór na scoileanna úsáid as FMS chun díriú ar an litearthacht a fheabhsú agus thuiriscigh roinnt scoileanna feabhsuithe mar thoradh ar an bpróiseas seo. Leanann na dúshláin a bhaineann le sonraí, spriocanna a shocrú agus tuairisciú do thuismitheoirí agus do phobal na scoile.

Cigireachtaí leantacha

- Tá nósanna imeachta leantacha á gcur i bhfeidhm go córasach ag an gCigireacht chun a sheiceáil go bhfuil na moltaí cigireachta a rinneadh curtha i bhfeidhm ag scoileanna. Ina measc tá Cigireachtaí Leantacha ar scoileanna chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ata déanta ag na scoileanna chun dul i glic leis na moltaí ó thuairiscí cigireachta cheana.
- Ar an iomlán, léiríonn na sonraí go nglacann scoileanna go dáiríre leis na moltaí i dtuairiscí cigireachta. Léiríonn na sonraí ó Chigireachtaí Leantacha go ndéanann formhór (76%) na scoileanna dul chun cinn maith nó an-mhaith maidir le moltaí ó thuairiscí cigireachta a chur i bhfeidhm.

Cur i bhfeidhm na moltaí mar a léiríodh i gcigireachtaí leantacha

Bunscoileanna Moladh – cineál	Dul chun cinn an-mhaith	Dul chun cinn maith	Roinnt dul chun cinn	Gan aon dul chun cin
Bainistíocht	46%	36%	10%	8%
Ceannaireacht	33%	43%	19%	5%
Pleanáil / FMS	32%	39%	22%	7%
Teagasc agus foghlaim	29%	43%	25%	3%
Measúnú	29%	49%	20%	2%
Comhlíontacht	51%	30%	12%	7%
Tacaíocht d'fhoghlaimoirí	44%	34%	11%	11%

Iarbunscoileanna Moladh – cineál	Dul chun cinn an-mhaith	Dul chun cinn maith	Roinnt dul chun cinn	Gan aon dul chun cin
Bainistíocht	46%	31%	18%	5%
Ceannaireacht	33%	36%	9%	4%
Pleanáil / FMS	44%	33%	20%	3%
Teagasc agus foghlaim	34%	40%	21%	5%
Measúnú	34%	34%	26%	6%
Comhlíontacht	64%	10%	21%	5%
Tacaíocht d'fhoghlaimoirí	52%	31%	15%	2%

- Léiríonn na sonraí gurbh iad na moltaí a bhain le pleanáil/FMS, mar aon le moltaí a bhain le teagasc agus foghlaim, na cinn ba mhó a chruthaigh dúshlán do scoileanna agus iad ag iarraidh iad a chur i bhfeidhm. Rinne os cionn an ceathrú cuid de scoileanna dul chun cinn i bpáirt nó ní raibh aon dul chun cinn déanta acu sna réimsí seo nuair a tharla Cigireacht Leantach. Ag an iar-bhunleibhéal léiríonn na sonraí go raibh cur i bhfeidhm na moltaí a bhain le teagasc agus foghlaim agus le measúnú dúshlánach. Léiríodh do chigirí a rinne Cigireachtaí Leantacha, maidir leis na moltaí a rinneadh sna cigireachtaí ar dtús, nach raibh ach dul chun cinn i bpáirt nó nach raibh aon dul chun cinn tarlaithe sa cheathrú cuid de scoileanna ó thaobh an teagaisc agus na foghlama agus sa tríú cuid, nach mór, de scoileanna ó thaobh an mheasúnaithe.

Monatóireacht ar Fheabhsúchán Scoile agus an Grúpa Feabhsúcháin Scoile

- Tá próisis mhonatóireachta i bhfeidhm lena dheimhniú go dtarlaíonn feabhas sa líon beag scoileanna ina bhfuil laigí suntasacha tugtha faoi deara. Áirítear i measc na bpróiseas monatóireachta seo Monatóireacht ar Fheabhsúchán Scoile agus an Grúpa Feabhsúcháin Scoile. Tarlaíonn an Mhonatóireacht ar Fheabhsúchán Scoile chun tacú le scoileanna nuair a bhaineann na moltaí i dtuairiscí meastóireachta go príomha le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama. Aithníodh sé scoil a raibh gá acu leis an leibhéal monatóireachta seo i 2016 agus tá siad sa phróiseas faoi láthair.

Cásanna a cuireadh ar aghaidh chuig an nGrúpa Feabhsúchán Scoile

Cásanna á láimhseáil 31 Nollaig 2012	Bunscoil	Iar-Bhunscoil	Iomlán
	25	22	47
Cásanna nua (Ean 2013 – Meith 2016)	12	4	16
Cásanna a réitíodh (Ean 2013 – Meith 2016)	21	23	44
Cásanna á láimhseáil Iúil 2016	16	3	19

- I líon an-bheag cásanna d'fhéadfadh cigireachtaí laigí suntasacha a léiriú in obair na scoile ina mbíonn gá le hionchuir bhreise chun a chinntiú go dtarlaíonn feabhas do na foghlaimeoirí. Bunaíodh an Grúpa Feabhsúchán Scoileanna (GFS) le cur chuige comhordaithe a sholáthar chun tacú leis na scoileanna seo. Ag an tús, i 2013, bhí 47 scoileanna (25 bhunscoil 22 iar-bhunscoil) sa phróiseas. Tá dul chun cinn an-suntasach déanta ag an GFS leis na pobail scoile seo go pointe ina bhfuil 70% de na cásanna réitithe. Sa 30% de na cásanna eile, bhí scoileanna páirteach sa phróiseas ar feadh tréimhse an-ghairid, nó i mionlach na gcásanna, níor léiríodh dóthain fianaise ar an bhfeabhsúchán go leanúnach chun iad a bhaint ón bpróiseas. Ag deireadh mhí Iúil 2016 bhí 19 gcás fós á láimhseáil. (16 ag an mbunleibhéal agus 3 ag an iar-bhunleibhéal)

Caibidil a Seacht: Ag Breathnú Chun Cinn

Is í seo an chaibidil dheiridh sa tuarascáil. Tosaítear le hachóimre ar chinntí na Cigireachta agus, bunaithe ar fhianaise cigireachta a bhailigh an Chigireacht sa tréimhse Eanáir 2013 – Iúil 2016, déantar ceithre mhórhéama a aithint a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun forbairt polasaí agus cleachtas a threorú sa todhchaí.

Is iad sin:

1. Oideachas luathbhlianta ardcháilíochta a fhorbairt
 - Ba chóir go leanfaí le tús áite a thabhairt sa todhchaí don infheistiú chun lucht oibre cáilithe, gairmiúil a fhorbairt ionas go dtacófar leis an soláthar ar eispéiris luathoideachais ardcháilíochta do leanaí.
 - Ag tógáil ar an bhfoghlaim ón ngníomhaíocht chigireachta in earnáil an oideachais níos leithne, is dócha go dtabharfar samhlacha cigireachta breise isteach san earnáil. Tacóidh cigireachtaí leantacha agus meastóireachtaí téamúla tuilleadh le forbairt an oideachais luathbhlianta.
 - Is gá do bhunscoileanna freagairt go solúbtha chun chuidiú leis an aistriú go réidh chun na bunscoile do líon mór daltaí a mbeidh suas le dhá bhliain caite acu sa soláthar COLÓ.
2. Fócas láidir a choinneáil ar thorthaí a fheabhsú d'fhoghlaimoirí
 - Tá athrú ag teacht ar an mórtimpeallacht shóisialta, chultúrtha, eacnamaíoch agus theicneolaíoch ina mbíonn ár scoileanna ag feidhmiú agus is gá dá réir cultúr freagrúil agus nuálach a chothú i scoileanna.
 - Bíonn tosaíochtaí nua ag teacht chun cinn i gcónaí agus caithfidh a chinntiú go mbíonn na straitéisí a bhíonn againn don athrú ar theagasc, ar fhoghlaim, ar mheasúnú agus ar cheannaireacht agus eagrú scoile soiléir, dírithe agus ailínithe. Tá cur chuige straitéiseach á sholáthar sa *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019* chun dul i ngleic leis an raon mór dúshlán atá ann, cosúil leis an méadú atá ag tarlú ar an soláthar luathbhlianta, ar STEM agus ar theangacha, agus ar fheabhsuithe ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí.
 - De réir mar a chuirtear Plean Gníomhaíochta i bhfeidhm, beidh sé an-tábhachtach breathnú go cúramach ar na bealaí ina dtéann na hiliomad gníomhaíochtaí sa Phlean i bhfeidhm ar scoileanna agus ar shuíomhanna aonair agus ar chleachtóirí, ar mhúinteoirí agus ar cheannairí atá ag obair iontu. Beidh gá le cur chuige dea-bhainistithe straitéiseach a thugann faoina chinntiú go mbíonn na forbairtí éagsúla ag comhlánú a chéile, go mbíonn luas cuí ag baint leo agus go mbíonn acmhainní maithe ar fáil dóibh.
 - Léiríonn torthaí ó mheasúnuithe naisiúnta agus idirnáisiúnta nach n-éiríonn chomh maith le n-ár ndaltaí níos ardghnóthachtála agus go bhfuil siad ag tearcghnóthú, i gcomparáid le n-a gcomhpháirtithe idirnáisiúnta. Caithfear modheolaíochtaí teagaisc a leasú chun freastal ar na stíleanna foghlama agus na cumais fhoghlama éagsúla atá ag leanaí agus ag daoine óga.
 - Tá fócas athnuaite ar chothú folláine leanaí agus daoine óga i scoileanna chun timpeallacht foghlama chomhbhách, shábhailte agus oiliúnach a chothú agus chun cur lena dteacht aniar agus lena gcumas plé le deacrachtaí. Tá tiomantas i b*Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2017*

tacaíocht agus forbairt ghníomhach a sholáthar do thionscnaíochtaí folláine lena dheimhniú go mbíonn teacht aniar intinne agus folláine phearsanta mar dhlúthchodanna dár gcóras oideachais agus oiliúna.

- Léiríonn an tús a cuireadh le hachar nua foghlama dar teideal Folláine sa tSraith Shóisearach i mí Mheán Fómhair 2017 tiomantas don aidhm seo. Tógann sé ar an dea-chleachtas atá cheana i scoileanna agus cuireann sé bonn foirmiúil faoin obair a bhíonn á dhéanamh i scoileanna chun forbairt phearsanta, sláinte agus folláine foghlaimeoirí a chothú.

3. Cleachtas gairmiúil do mhúinteoirí a fhorbairt

- D'fhéadfadh go bhfuil gá le cur chuige nua i leith oideachas tosaigh múinteoirí, agus i leith na gclár don fhorbairt ghairmiúil leanúnach freisin mar gheall ar athruithe curaclaim a d'athraigh an fócas go cur chuige níos scilbhunaithe i leith na múinteoireachta agus na foghlama ionas go mbíonn múinteoirí ullmhaithe agus ábalta chun riachtanais fhoghlama a aithint, raon straitéisí teagaisc cuí a chur i bhfeidhm, an fhoghlaim a mheas agus aischothú fócasaithe a sholáthar ar an tslí le torthaí foghlama a fheabhsú.
- Beidh cáilíocht an tsoláthair oideachais in Éirinn sa todhchaí ag brath ar sholáthar múinteoirí ardcháilithe agus spreagtha. Ní féidir talamh slán a dhéanamh de go mbeidh an soláthar sin ar fáil. Is gá a chinntiú go leanaimid orainn ar na céimithe is éirimiúla a mhealladh agus a fhorbairt i ngairm na múinteoireachta. Beidh gníomhú de réir na moltaí atá sa tuairisc dheiridh den Ghrúpa Oibre Teicniúil maidir le Soláthar Múinteoirí, *Striking the Balance* (2017), mar chúnaimh áirithe chun a dheimhniú go leanfar le buíon teagaisc láidir, eolasach agus éifeachtach a bheith againn.
- Tá roinnt tionscnaíochtaí le tarlú ina gcuirfear deiseanna luachmhara ar fáil chun cleachtais chomhoibritheacha a thógáil i scoileanna, amhail samhail athchóirithe chun acmhainní teagaisc breise a dháileadh ar scoileanna chun tacú le daltaí le RSO agus le socruithe *Droichead* do mhúinteoirí nuacháilithe. Den chéad uair tá am gairmiúil curtha ar fáil do mhúinteoirí. Tá sé seo curtha ar fáil do mhúinteoirí na Sraithe Sóisearaí chun tacú le feidhmiú Chreat na Sraithe Sóisearaí nua.
- Tá forbairt na dtionscnaíochtaí sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus sa Chiste do Shármhaitheas Scoileanna á dtreorú agus á gcur i bhfeidhm ag an gCigireacht. Tá spreagadh agus tacaíocht á sholáthar do scoileanna chun oibriú le chéile ionas gur féidir bealaí nuálacha a chruthú chun a gcleachtas a fheabhsú.

4. Ag obair agus ag tacú le cáilíocht cheannairí scoile

- Tá ról ríthábháchtach ag ceannairí scoile maidir le foghlaim a threorú agus cultúr comhoibríoch a thógáil sa scoil. Ceann de na príomhbhacanna a chuireann cosc ar cheannairí scoile dul i ngleic leis an gceannaireacht don fhoghlaim ná acmhainn na ceannaireachta atá laistigh de scoileanna na hÉireann agus atá ar bhoird bhainistíochta na scoileanna. Tá sé i gceist go rachaidh forbairt a tharla le déanaí, maidir le creat ceannaireachta agus bainistíochta nua a chruthú do scoileanna, roinnt áirithe den bhealach chun freastal air seo.
- Bearna eile atá chomh práinneach céanna – agus a bhaineann níos mó leis an mbunleibhéal ná leis an iar-bhunleibhéal – ná an speáchas atá againn ar

bhoird bhainistíochta dheonacha. Is gá machnamh agus pleanáil a dhéanamh chun córas bainistíochta scoile níos inbhuanaithe a sholáthar, go háirithe ag an mbunleibhéal, agus tacaíochtaí gairmiúla leordhóthanacha a sholáthar do bhainistíocht scoileanna. Ní hionann seo agus a thabhairt le fios go ndéanfar neamhspleáchas scoileanna a chreimeadh ach is é atá á mholadh ná go ndéanfaí modh oibre níos éifeachtaí agus níos gairmiúla a chothú.

- In *Ag Breathnú ar an Scoil Againne, Creat Cáilíochta do Scoileanna*, a d'fhoilsigh an Chigireacht i 2016, leagtar síos den chéad uair sraith caighdeán cuimsitheach do scoileanna na hÉireann chun treoir a thabhairt do scoileanna agus iad ag tabhairt faoina bpróiseas féinmheastóireachta. Tacóidh sé seo le ceannaireacht an teagaisc agus na foghlama i scoileanna. Tá na caighdeáin in úsáid againne freisin inár gcigireachtaí. Trí úsáid chomhroinnte na gcaighdeán seo, beidh féinmheastóireacht inmheánach na scoile agus meastóireacht sheachtrach na Cigireachta ag feidhmiú mar phróisis chomhlántacha ar dhearbhu cáilíochta.

Focal scoir

Baintear de thátal as *Tuarascáil an Phríomhchigire 2013-2016* go bhfuil a lán atá go maith inár soláthar oideachais luathbhlianta, bunscoile agus iar-bhunscoile. Deirtear go bhfuil cáilíocht na n-eispéaras foghlama agus cáilíocht na foghlama a bhíonn ag daoine óga sa chóras oideachais ar ardchaighdeán i gcoitinne.

Mar sin féin tugann an tuarascáil le fios, má táimid chun an sprioc atá leagtha amach sa *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016 -2019* a bheith ar an gcóras oideachais is fearr san Eoraip laistigh de na deich mbliana seo romhainn, go gcaithfidimid a chinntiú go bhfaigheann ár bhfoghlaimoirí teagasc agus foghlaim a bhíonn go han-mhaith, seachas go maith, agus go bhfeabhsóidh an soláthar sásúil, agus go mbaintear barrfheabhas amach in eispéiris foghlama agus i gcaighdeáin. Beidh fócas ar leith go luath amach anseo ar na bealaí ina mbíonn cigirí ag plé le tuismitheoirí agus le daltaí le linn cigireachtaí agus ar na bealaí ina dtacaíonn cigirí agus ina n-oibríonn siad le ceannairí scoile a fheabhsú.

Ag breathnú chun cinn, tá sé i gceist ag an gCigireacht caighdeáin an tsoláthair oideachais atá leagtha amach in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* a leabú in obair chigireachta agus chomhairleach. Bainfear úsáid as *Ag Breathnú ar an Scoil Againne* chun tuiscint córas-leathan a chur in iúl ar an gcuma a bhíonn ar dhea-chleachtas i scoileanna. Leanfaidh an Chigireacht ag breathnú ar bhealaí inar féidir an tionchar a bhíonn ag cigireachtaí i scoileanna a mhéadú, ar a n-áirítear éisteacht go cúramach le haischothú ó pháirtithe leasmhara faoi bhealaí inar féidir samhlaigha cigireachta a fheabhsú.

Tá cur chuige ar leith ag an gCigireacht freisin don mheastóireacht ar scoileanna. Ar aon dul le nach mór gach cineál Cigireachta, comhlíonann an Chigireacht feidhm chuntasaíochta ina ndéantar cigireacht agus tuairisciú ar obair scoileanna agus ar éifeachtacht cheannairí scoile. Mar sin féin, tá tiomantas láidir tugtha go poiblí gur fócas chun feabhasaithe atá i gceist, agus tá tiomantais lán chomh láidir céanna tugtha don obair ghairmiúil i gcomhpháirt le múinteoirí, le tuismitheoirí agus leis na páirtnéirí oideachais. Tá a cuid oibre chun tacú leis an gCiste Sármhaitheasa i Scoileanna agus leis an bPolasaí um Oideachas Gaeltachta de réir na dtiomantas seo.

Tá an Chigireacht dírithe ar na léargais atá faighte ó obair chigireachta i scoileanna (agus na comhráite a tharla le ceannairí scoile, le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le daltaí) a ghíaráil

mar bhonn eolais d'fhorbairt polasaí agus chun aiseolas a thabhairt do scoileanna agus don chóras i gcoitinne faoi na réimsí óna dteastaíonn níos mó airde.

EOLAS BREISE

Tá cóip de na foilseacháin seo a leanas ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna, www.education.ie

Tuarascáil an Phríomhchigire: Eanáir 2013-Iúil 2016 (An Chigireacht, ROS, 2018)

Tuarascáil an Phríomhchigire 2010-2012 (An Chigireacht, ROS, 2013)

Athbhreithniú ar Chigireachtaí Oideachas-dhírthe Luathbhlianta: Aibreán 2016 - Meitheamh 2017 – Léargais agus Forbairtí (An Chigireacht, ROS, 2018)

Athbhreithniú ar an Staidéar Píolótach de Shamhail Nua chun Acmhainní Teagaisc a Leithdháileadh ar Scoileanna Príomhshrutha chun Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (An Chigireacht, ROS, 2016)

Oideachas do Leanaí faoi Choinneáil agus faoi Chúram: Measúnú ar Scoileanna in Aonaid Ardtacaíochta, Aonaid Sainchúram agus Ionaid Choinneála Leanaí: Tuairisc ilchodach bunaithe ar mheastóireachtaí déanta ó 2013 go 2015 (An Chigireacht, ROS, 2017)

Dearcthaí Tuismitheoirí agus Daltaí maidir le Gníomhacha na Scoile chun Cultúr Dearfach a Chruthú agus chun Bulaíocht a Chosc agus a Stopadh (ROS, 2017)

Tuarascáil ar an Soláthar Oideachais i Scoileanna Gaeltachta: Cás-Staidéir Bunscoile agus Iar-Bhunscoile (ROS, 2015)